Síocóis Luath-Oige

Bipolar is the illness; I am not the illness;
I merely have the illness. I am not helpless;
I can always correct myself. I can fall down on the
sidewalk, but I can pick myself up.

Ó *Zahava's Story*, cóipcheart Proctor & Gamble Ltd.

Is féidir síocóis a shainmhíniú mar rud a chuireann isteach ar smaointeoireacht, agus a bhíonn siabhráin nó siabhránacht in éindí leí, chomh maith le hathrú i bpróisis smaointeoireachta. Bíonn diagnóis chliniciúil ag teastáil. Cé nach minic a bhíonn síocóis i gceist i measc daltaí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbíonn an réimse céanna agus na cineálacha céanna airíonna síocóiseacha ar dhaltaí agus a bhíonn ar dhaoine fásta. Is téarma é síocóis a chuimsíonn foghrúpaí éagsúla, agus is iad scitsifréine agus neamhord dépholach na cinn is coitianta.

Tá comharthaí rabhaidh ann le haghaidh síocóise, ina measc: seans go mbeidh athruithe i bpátrúin chodlata daoine; seans go dtarraingeoidh siad siar ón teaghlach, ó chairde agus ó ghníomhaíochtaí sóisialta eile; seans gur deacair dóibh a thuiscint an méid atá daoine eile ag rá; seans go mbeidh siad dúnárasach; seans go dtaiscfidh siad rudaí nó go mbeidh siad ag cuardach trí mhaoin daoine eile; seans go gcuirfidh siad cineálacha éagsúla éadaí le chéile ar bhealach nach bhfuil oiriúnach; seans gur deacair iad a spreagadh; seans go mbeidh laghdú ar a gcumas chun aire a dhíriú ar rud, seans go mbeidh a n-iompar taomach; agus seans go mbeidh paranóia agus imní orthu. (Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an-difríocht idir siabhráin agus siabhránacht agus an tsamhlaíocht bheoga a bhíonn ag go leor daltaí óga.)

I measc daltaí a bhfuil scitsifréine orthu tuairiscítear go bhfuil iompar inmheánaithe (m.sh. paranóia, smaointe imníocha, agus amhras) níos coitianta ná iompar seachtrach gníomhach (m.sh. ráig feirge, ionsaitheacht, cur i gcoinne, agus naimhdeas). Má bhíonn neamhord dépholach ar dhaltaí, is í an tréith a bhaineann leis na siabhráin ná ríocht chorraithe fhuinniúil a bheith orthu. Beidh méadú i bhfuinneamh agus ar ghníomhaíochtaí fisiceacha na ndaltaí, beidh a gcuid smaointe ag rith agus beidh a n-urlabhra trína chéile agus éigiallta. Bíonn siabhráin ar roinnt daltaí ina gceapann siad go bhfuil cumhachtaí speisialta acu. Ar an taobh eile de, seans go mbeidh daltaí cúlánta go mór agus nach mbeidh siad gníomhach. Ní bheidh fonn ar dhaltaí bogadh thart nó caithfidh siad tréimhsí fada gan labhairt in aon chor.

Meastar go bhfuil an chuid is mó de dhaltaí a bhfuil síocóis orthu laistigh den réimse SI (Sainuimhir Intleachta) meánach ar scrúduithe SI caighdeánaithe. Mar sin, más rud é go bhfuil fadhbanna ag

daltaí a bhfuil neamhord síocóiseach orthu le hobair scoile, seans go mbeidh roinnt fáthanna leis sin. Sean go mbeidh fadhbanna príomhúla mar chuid den neamhord é féin, mar shampla, deacracht foghlama de chineál éigin. Seans go mbeidh fadhbanna i gceist freisin toisc go mbeidh daltaí ag déileáil le siabhráin nó siabhránacht, paranoia, easnaimh airde agus hipirghníomhaíocht, fadhbanna sóisialta agus mothúchánacha, féinmheas íseal, nó fo-iarmhairtí a bhaineann le réim cógas.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Bíonn deacrachtaí ag daltaí a bhfuil neamhoird síocóiseacha orthu cairde a dhéanamh agus a choinneáil agus baineann siad leas as oiliúint i scileanna sóisialta agus i gcórais mheantóireachta piara.
- Seans gur gá scileanna a mhúineadh go soiléir do na daltaí seo conas fadhbanna a réiteach agus iad ag iarraidh déileáil leis an lá scoile.
- Is deacair do na daltaí seo aire a thabhairt ar rudaí agus tá siad taghdach, agus dá bharr seo, is féidir leo cur isteach ar ghnáthaimh an tseomra ranga.
- Seans go dtógfaidh obair bhaile an iomarca ama agus seans nach gcríochnófar in aon chor í.
- Go minic, bíonn an chuma ar roinnt daltaí a bhfuil neamhoird síocóiseacha orthu nach bhfuil siad ag éisteacht nuair a bheidh tú ag

labhairt leo, bíonn deacrachtaí acu rudaí a eagrú, is furasta iad a chur ar seachrán agus bíonn sé de nós acu a bheith ag útamáil.

- Má bhíonn géareipeasóid síocóise ar dhalta, is tacaíocht agus sábháilteacht an dá rud is tábhachtaí le cur san áireamh agus beidh gá le nósanna imeachta cúnta a bheith ann chun an dalta a thabhairt chuig áit shlán shábháilte.
- Seans go mbeidh fadhbanna ann ó thaobh tinrimh agus seans go mbeidh taghdanna taomach agus go mbeidh siad deacair a thuar.
- Is maith an rud é cumarsáid rialta a bheith ann le tuismitheoirí/cúramóirí an dalta lena chinntiú go mbíonn cur chuige comhsheasmhach i bhfeidhm maidir le tacaíocht a thabhairt don dalta.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. American Academy of Child & Adolescent Psychiatry, láithreán gréasáin: http://www.aacap.org/
2. Cumann Scitsifréine na hÉireann, láithreán gréasáin: http://www.sirl.ie/
3. Eggers, C., Bunk, D. agus Krause, D. (2000) 'Schizophrenia with Onset before the Age of Eleven: Clinical Characteristics of Onset and Course', *Journal of Autism and Developmental Disorders*, im.30, uimh.1, lgh. 29–38.
4. Joshi, P.T. agus Towbin, K.E. (2002) 'Psychosis in Childhood and its Management', in *Neuropsychopharmacology: The Fifth Generation of Progress,* Davis, K.L., Charney, D., Coyle, J.T. and Nemeroff, C. (eagarthóirí), Baltimore, MD: Lippincott, Williams &Wilkins.
5. Meabhairshláinte Éireann, láithreán gréasáin: http://www.mentalhealthireland.ie/
6. Papolos, D.M. agus Papolos, J. (2002) *The Bipolar Child: The Definitive and Reassuring Guide to Childhood's Most Misunderstood Disorder* (eag. athbh. agus leathnaithe), Nua-Eabhrac: Broadway Books.
7. Sunderland, M. (2000) *Helping Children who are Anxious or Obsessional: A Guidebook,* Bicester: Speechmark.
8. Tá liosta ag an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) de láithreáin gréasáin sheachtracha a bhaineann le suaitheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompair agus bainistíocht iompair, láithreán gréasáin: http://www.sess.ie/

Notaí